AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Earcaíocht
FÓGRAÍOCHT

Treoir ghinearálta maidir le fógraíocht a dhéanamh do phoist shealadacha nó bhuana sa scoil

EDUCATIONPOSTS.IE

Muna bhfuil ceann ann cheana, cruthaigh cuntas ar educationposts.ie. Cinntigh sonraí na scoile ar an gcuntas.

IARRATAIS LEICTREONACHA

Má ghlactar le hiarratais leictreonacha, cruthaigh seoladh ríomhphoist uathúil m.sh. iarratais2022gsafp@gmail.com.

SONRAÍ NA BHFOLÚNTAS

Sonraigh líon na bhfolúntas maraon leis an gcineál róil, stádas agus téarma an phoist.

DÁTAÍ

Cuir isteach dáta fógraíochta, dáta dúnta d'iarratais agus dáta tosnaithe an phoist.

EOLAS BREISE

Is féidir beagán eolais a thabhairt faoin scoil agus eolas maidir le cúis an fholúntais m.sh. chun sos gairme a chlúdach.

CAIGHDEÁN GAEILGE

Moltar an Ghaeilge a lua m.sh. Beidh ardchaighdeán Gaeilge ag teastáil ó iarratasóirí don phost seo.

IARRATAS A DHÉANAMH

Sonraigh na cáipéisí a lorgaítear m.sh. foirm iarratais maraon le litir chlúdaigh
Soiléirigh na bealaí iarratais - rphost/post

DEIMHNIGH

Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfógra sula bhfoilsítear é.